Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Aibreán 2019**
**(OR. en)**

**7978/19**

**COASI 50**
**ASIE 20**
**CFSP/PESC 243**
**CSDP/PSDC 160**
**RELEX 343**
**COTER 46**
**COHOM 44**
**CONUN 38**
**COHAFA 32**
**DEVGEN 73**
**MIGR 51**
**TRANS 262**
**WTO 109**
**COPS 108**
**POLMIL 40**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 8 Aibreán 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8170/19 |
| Ábhar: | Próiseas Síochána na hAfganastáine<br>- Conclúidí ón gComhairle (8 Aibreán 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Próiseas Síochána na hAfganastáine, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3684ú cruinniú a bhí aici ar an 8 Aibreán 2019.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Próiseas Síochána na hAfganastáine**

**An Chomhairle Gnóthaí Eachtracha, 8 Aibreán 2019**

1. Agus na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Afganastáin roimhe seo á meabhrú dó, athdhearbhaíonn an tAontas leis seo a thiomantas polaitiúil agus a thacaíocht fhadtéarmach do mhuintir na hAfganastáine agus iad ag iarraidh síocháin, slándáil agus rathúnas a bhaint amach.

2. Molann an tAontas do Rialtas na hAfganastáine agus don Talaban dlús a chur lena n-iarrachtaí teacht ar shocrú caibidlithe síochánta den choinbhleacht. Tacaíonn an tAontas le gach iarracht chun an próiseas sin a thionscnamh, lenar cruthaíodh deis pholaitiúil ar cheart a thapú.

3. Ba cheart tús a chur le caibidlíocht dhíreach idir na hAfganastánaigh, agus Rialtas na hAfganastáine agus an Talaban i gcroílár na caibidlíochta sin, a luaithe is féidir, lena n-áiritheofaí próiseas síochána agus athmhuintearais cuimsitheach a bheadh faoi stiúir agus faoi úinéireacht na hAfganastáine. Tacaíonn an tAontas go mór le próiseas lena n-urramófaí ceannasacht agus neamhspleáchas na hAfganastáine agus dínit a muintire. Tá an tAontas réidh le tacú leis an bpróiseas síochána, lena n-áirítear a chur chun feidhme, agus an aidhm a bheadh leis sin na héachtaí polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta atá déanta ag muintir na hAfganastáine ó bhí 2001 ann, ar cheart dóibh a bheith dochúlaithe, a chaomhnú agus cur leo. Ní mór aon chomhaontú síochána a bheidh ann amach anseo a bheith chun leas na bpáirtithe go léir. Molann an tAontas Misean Cúnaimh na Náisiún Aontaithe san Afganastáin as a thiomanta atá siad an tsíocháin agus an chobhsaíocht a chur i réim san Afganastáin.

4. Éilíonn próiseas síochána na hAfganastáine tacaíocht iomlán agus rannpháirtíocht chuiditheach an phobail idirnáisiúnta ar fad, geallsealbhóirí réigiúnacha agus idirnáisiúnta go háirithe. Caithfidh an tAontas a bheith bainteach leis ón tús go dtí gach céim den phróiseas síochána. Is mian leis an Aontas a dhaingniú go bhfuil sé réidh le tacú leis na gnéithe seo a leanas den phróiseas: cuidiú leis an bpróiseas a dhéanamh cuimsitheach; cúnamh a thabhairt i dtaca le hathchóirithe, lena n-áirítear athchóiriú ar an earnáil slándála; gníomhú ina ráthóir ar phróiseas síochána, má iarrann na páirtithe é sin; cúnamh a thabhairt i dtaca le hathimeascadh na dtrodaithe agus a dteaghlach; trádáil agus nascacht réigiúnach a chur chun cinn. Iarrann an Chomhairle ar Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ar an gCoimisiún na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme de réir mar a théann an próiseas síochána chun cinn. I ndáil leis sin, is díol sásaimh don Chomhairle an ról atá ag Toscaire Speisialta an Aontais Eorpaigh maidir leis an Afganastáin.

5. D'fhonn tacaíocht shuntasach a thabhairt do chur chun feidhme chomhaontú síochána agus chun cuidiú go héifeachtach le riachtanais atógála na tíre, measann an Chomhairle go bhfuil sé tábhachtach comhaontú síochána a chaibidliú ar bhealach cuimsitheach, go bhformheasfadh Rialtas na hAfganastáine é agus (i) go mbeadh i gceist leis droim láimhe a thabhairt leis an bhforéigean; (ii) go gcuirfeadh sé in aghaidh gach bagairt ó eagraíochtaí sceimhlitheoireachta trasnáisiúnta arna ngníomhú ó chríoch Afganastánach; (iii) go gcloífeadh sé leis an smacht reachta agus le hurraim do chearta uilíochta an duine i leith gach Afganastánach, go háirithe maidir le mná, páistí, agus daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, agus é comhsheasmhach le Cairt na Náisiún Aontaithe, leis an dlí idirnáisiúnta agus lena gcumhdaítear i mBunreacht na hAfganastáine; agus (iv) go n-áiritheodh sé leanúnachas an stáit Afganastánaigh, a institiúidí, an t-ord bunreachtúil agus oibleagáidí idirnáisiúnta na hAfganastáine, agus go gcuirfeadh sé aon athruithe orthu sin chun feidhme trí phróiseas dlisteanach cuimsitheach; agus (v) lena bhféadfaí cuntasacht a áirithiú, lena n-áirítear trí cheartas idirthréimhseach, agus aghaidh a thabhairt ar chasaoidí íospartaigh na coinbhleachta san Afganastáin. Tá an tAontas réidh le cuidiú, ar bhonn polaitiúil agus airgeadais araon, le socrú síochána a bheadh bunaithe ar na luachanna agus ar na prionsabail sin a chur chun feidhme.

6. I gcomhréir le Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, athdhearbhaíonn an tAontas an tábhacht atá le rannpháirtíocht fhónta na mban i ngach tionscnamh ar son na síochána, lena n-airítear caibidlíocht fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil i dtaobh na síochána. Agus an méid atá bainte amach le 18 mbliana anuas á aithint aici agus d'fhonn inbhuaine aon socrú síochána a neartú, tá an tAontas tiomanta do thacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht mhéadaithe na mban ar gach leibhéal de chuid na sochaí Afganastánaí.

7. Athdhearbhaíonn an tAontas a thábhachtaí atá sé go n-oibreoidh Rialtas na hAfganastáine agus na geallsealbhóirí ábhartha uile ar mhaithe le toghcháin uachtaránachta, chúigeacha agus comhairle ceantair in 2019 a bheidh feabhsaithe, cuimsitheach, inchreidte agus trédhearcach, ar gné riachtanach iad do dhaonlathas treisithe agus cobhsaíocht san Afganastáin, trí na ceachtanna a foghlaimíodh le linn toghcháin pharlaiminte 2018 a chur chun feidhme go héifeachtach.